



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí

Meán Fómhair 2023

## Clár an Ábhair

---

<b>RÉAMHRÁ</b> .....	1
<b>FAISNÉIS CHÚLRA</b> .....	2
Forbhreathnú ar an tsonraíocht .....	2
Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19 .....	3
Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach.....	3
Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach (FWJC15)....	3
<b>FORLÉARGAS AR AN BPRÓISEAS ATHBHREITHNITHE</b> .....	4
Cur chuige modheolaíoch .....	5
Cuirteanna scoile.....	5
Cruinnithe le fócasghrúpaí réigiúnacha .....	6
Déan suirbhé.....	6
Aighneachtaí scríofa.....	6
<b>AISEOLAS ÓN ATHBHREITHNIÚ</b> .....	8
Torthaí Foghlama .....	8
Pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú.....	9
<b>Measúnú in Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí</b> .....	10
Measúnú leanúnach.....	10
Measúinuithe Rangbhunaithe .....	10
<b>MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: Ó Phróiseas go Cur i gcrích</b> .....	11
<b>MRB 2: Cuir in iúl agus Déan Machnamh</b> .....	12
Samplaí d'Obair na Scoláirí.....	14
An Measúnú Deiridh .....	15
<b>Aiseolas agus tuairisciú</b> .....	16
<b>An t-aistriú chuig an tsraith shinsearach</b> .....	17
<b>Ionchuimsiú</b> .....	18
<b>Úsáid na mbunfhoinsí</b> .....	18
<b>Na príomhscileanna a fhorbairt</b> .....	18
<b>Acmhainní i nGaeilge</b> .....	19
<b>LÉARGAIS LUATHA, MOLTAÍ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE</b> .....	20

Aiseolas a bhaineann go díreach le hAmharc-ealaín na Sraithe Sóisearaícurtha i gcrích.....	20
Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).....	21
<b>Na Chéad Chéimeanna Eile .....</b>	<b>22</b>
<b>TAGAIRTÍ .....</b>	<b>24</b>

---

## Réamhrá

---

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015 (FWJC15), tugadh isteach sonraíocht ábhair nua d' Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí (JC) i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2017. Sceidealaíodh go dtabharfadh CNCM faoi athbhreithniú luath ar an gcur i bhfeidhm nuair a bheadh an cúrsa curtha i gcrích ag an gcéad chohórt daltaí. Faraor, ba ghá an t-athbhreithniú a chur ar athló go dtí an scoilbhliain 2022-23 mar gheall ar chur isteach de bharr phaindéim Covid-19.

Cé go raibh taithí trí bliana ag na daltaí agus na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo ar an gcuraclam, níor ghá dóibh Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh mar gheall ar na hoiriúnuithe don mheasúnú a tugadh isteach le cur san áireamh gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na ndaltaí le linn na paindéime.

Cuireadh an t-athbhreithniú luath ar an gcur i bhfeidhm i gcrích i R1, 2023, chun aiseolas a thiomnú agus na nithe seo a leanas a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil ag éirí leis an tsonraíocht an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil san ábhar agus sa Chreat don tSraith Shóisearach go ginearálta
- gnéithe measúnaithe de na hábhair agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí orthu
- conas a úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil d'fhonn an tsonraíocht nua a stiúradh sna scoileanna agus sna seomraí ranga.

Ag tús na tuairisce seo tá eolas cúlra a chabhraíonn an t-athbhreithniú agus léargas ginearálta an chomhairliúcháin a rinneadh mar chuid den athbhreithniú a chur i gcomhthéacs, ina dhiaidh sin tugtar léargas ar thaithí le hAmharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí. Rinne an CNCM machnamh ar an aiseolas a tugadh le linn an athbhreithnithe ó thaobh na n-impleachtaí féideartha a thagann aníos d'obair an CNCM agus na bpáirtithe leasmhara eile agus an Creat don tSraith Shóisearach á chur i bhfeidhm acu. Sa chuid dheireanach den cháipéis leagtar amach na céad chéimeanna eile molta do fhreagra ar na torthaí a thagann aníos ón athbhreithniú luath seo.

## Faisnéis chúlra

Sa chuid seo, tugtar forléargas achomair ar shonraíocht churaclam Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí, ar na socrúithe measúnaithe beartaithe a bhaineann léi agus ar na coigeartuithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19, athruithe curaclaim ar Ealaín na hArdteistiméireachta (AT), agus an staidéar taighde fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach, nithe arb ionann iad go léir agus faisnéis thábhachtach chomhthéacsúil agus breithniú á dhéanamh ar an aiseolas ón athbhreithniú.

## Forbhreathnú ar an tsonraíocht

Tá an tsonraíocht d' Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí dírithe ar 200 uair ar a laghad de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama agus tá sí eagraithe de réir trí shnáithe chomhtháite: **Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh**. Tá na snáitheanna sin miondealaithe tuilleadh ag baint úsáid as gnéithe comhuainíochta. **Teanga chriticiúil agus amhairc; Líníocht; Cultúr amhairc agus léirthuisicint; Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha; agus na Meáin**. Tugtar achoimre ar na snáithe sa tábla thíos. Is féidir rochtain a fháil ar na cúig ghnéithe comhuainíochta agus na torthaí foghlama a bhaineann leo [anseo](#).

Snáithe 1: Ealaín	Snáithe 2: Ceardaíocht	Snáithe 3: agus
Is é is ealaín, nó mínealaín ann, scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc. Leagtar béim ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar cháilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Seachas saothair ealaíne a chruthú, cuimsíonn mínealaín chomh maith staidéar na healaíne trí léirthuisicint agus plé criticiúil.	Is é is ceardaíocht ann, cur i bhfeidhm réimse eolais agus scileanna ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil leo a tháirgeadh. Le béim ar phróisis agus ábhar, d'fhéadfadh na déantúsáin a chruthaítear an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí ón gceardaí a léiriú.	Is é is dearadh ann, an próiseas a bhaineann le pleanáil, réiteach fadhbanna agus cruthú. Is féidir leis a bheith ina fhreagra ar achoimriú, gá nó cás ar leith. Úsáidtear íomhánna agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl le béim ar phróiseas pleanála, ar réiteach fadhbanna agus ar chur i gcrích, le líníocht mar bhealach le smaoineamh.

Tábla 1: Snáitheanna Amharc-ealaín na sraithe sóisearaí

Tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i gceist leis an measúnú Amharc-ealaín: *Ó phróiseas go cur i gcrích* (Measúnú Rangbhunaithe 1) agus *Cuir in iúl agus déan machnamh* (Measúnú Rangbhunaithe 2). Is

éard atá i gceist le Measúnú Rangbhunaithe 1, a ndéanann an múinteoir measúnú air, ná go dtógann an scoláire smaoinemh tosaigh, á fhorbairt trína chuid oibre agus<sup>1</sup> déantúsán críochnaithe á chur i gcrích aige trí cheann de na snáitheanna. Tá Measúnú Rangbhunaithe 2, a ndéanann an múinteoir measúnú air chomh maith, nasctha leis an measúnú deiridh sa chaoi is go mbaineann an scoláire triail as smaointe, na meáin, teicnicí agus próisis le linn Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Cabhraíonn sé seo leis an scoláire níos deireanaí agus dhá dhéantúsán á fhorbairt agus á chruthú aige sa mheasúnú deiridh. Marcálann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) an obair forbartha eile agus an dá dhéantúsán curtha i gcrích a chruthaigh an scoláire don mheasúnú deiridh. Ní mór píosa amháin de shaothar curtha i gcrích a rinneadh i Measúnú Rangbhunaithe 1 nó 2, nó sa mheasúnú deiridh a chur i gcrích i dtrí thoise. Níl aon scrúdú scríofa san ábhar seo.

## Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19

Bhí an chéad chohórt scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar shonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí ceaptha a dtrí bliana staidéir a chur i gcrích i Meitheamh 2020. Ar an 29 Aibreán, 2020, agus mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar phaindéim Covid-19, cuireadh scrúduithe uile na sraithe sóisearaí ar ceal. As sin go gceann trí bliana, tugadh socrúcháin mheasúnaithe malartacha isteach le cur san áireamh gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na ndaltaí le linn na paindéime.

I gcás na hAmharc-ealaíne, chiallaigh sé seo nár ghá Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích. É sin ráite, chuir na daltaí Measúnú Rangbhunaithe 2 i gcrích, mar gheall go bhfuil sé nasctha leis an measúnú deiridh. Lena chois sin, fuarthas réidh leis an riachtanas píosa amháin oibre a chur i gcrích i 3T. Is éard is brí leis seo ná nach bhfaighfear taithí ar an gcéad réimse iomlán measúnuithe beartaithe leagtha amach sa tsonraíocht Amharc-ealaíne go dtí an bhliain acadúil, 2024–25, ar a luaithe.

## Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach

Cuireadh tús le hathbhreithniú agus le hathfhorbairt Ealaín na hArdteistiméireachta nuair a tugadh Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí isteach sna scoileanna in 2017. Ceadaíodh an tsonraíocht dheireanach in 2019 leis an gcur i bhfeidhm sceidealaithe do 2020 ach cuireadh siar é seo go dtí Meán Fómhair 2021 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Ar an ábhar sin, i gcomhthéacs torthaí an athbhreithnithe seo a mheas, tá sé tábhachtach a aithint go raibh leibhéal shuntasacha d'athruithe curaclaim in ábhar mhúinteoirí na hAmharc-ealaíne le linn ama dhúshlánaigh don chóras oideachais agus don tsochaí.

## Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach (FWJC15)

Cuireadh tús le staidéar fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an FWJC15 i ndeireadh 2020. Is é is aidhm leis an staidéar ceithre-bliana seo, bunaithe ar shampla ionadaíoch náisiúnta, ná dearcthaí na múinteoirí, na bpríomhoidí, na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar an FWJC15. Mar staidéar fadaimseartha, déanfar iniúchadh ar

<sup>1</sup> Is ionann déantúsán nó obair curtha i gcrích agus ceann atá mar bhuaicphointe mheascán réamhbheartaithe trialach le smaointe, meáin, teicnicí agus próisis roimhe seo.

thaithí na scoileanna thar thréimhse ceithre bliana, d'fhonn castacht, dúshláin agus rath i rith an FWJC15 a ghabháil. Is taighde modhanna measctha, iltoiseach é seo atá idir lámha ag foireann taighde in Ollscoil Luimnigh thar ceann CNCM. Go dtí seo, foilsíodh dhá thuarascáil eatramhacha agus tá an tríú tuarascáil le foilsiú in Earrach 2024.

Beidh torthaí an staidéir seo, in éineacht le torthaí shraith athbhreithnithe luatha curtha i bhfeidhm na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí mar chabhair iontach chun tacú le hobair leanúnach na scoile leis an FWJC15 agus chun eolas a dhéanamh d'obair an CNCM chun athchuart a thabhairt ar an gCreat agus é a nuashonrú, más gá agus aon áit ar gá, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin. Lena chois sin, baileoidh an staidéar eolas tábhachtach a bhaineann go sonrach leis an ábhar, a mbeidh gá machnamh a dhéanamh air in éineacht leis na léargais ón athbhreithniú seo nuair a sceidealófar athfhorbairt Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí.

## Forléargas ar an bpróiseas athbhreithnithe

Is é ceann de phríomhchuspóirí an phróisis athbhreithnithe ná tuairimí a lorg ó mhúinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara faoina dtaithí ag cur an churaclaim i bhfeidhm. Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar na réimsí a rinneadh iniúchadh orthu agus ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i [Straitéis Taighde \(2023 - 2026\) CNCM](#) mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú

Tugtar breac-chuntas ar na réimsí treorach agus na hábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú i dTábla 2 thíos.

Réimse	Ábhair iniúchta
Ag obair leis an tsonraíocht	Léargas ginearálta ar an gcúrsa Ag obair le torthaí foghlama Pleanáil don fhoghlaim, teagasc agus measúnú
Measúnú	Measúnú leanúnach Treoirínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe (CBAnna) Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) Léargas ar úsáid samplaí d'obair an scoláire An Measúnú Deiridh
Aiseolas agus tuairisciú	Tuairisciú leanúnach agus ag úsáid Gnéithe Cáilíochta
Réimsí eile plé	An t-aistriú chuig an tsraith shinsearach Cuimsiú Úsáid na mbunfhoinsí

Na príomhscileanna a fhorbairt  
Acmhainní i nGaeilge

Tábla 2: Réimsí agus ábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú

## Cur chuige modheolaíoch

Rinneadh an t-athbhreithniú ar an chur i bhfeidhm luath seo in éineacht le hathbhreithniú cur i bhfeidhm luath Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí ó mhí Feabhra go Márta 2023 de réir leagan amach aontaithe ag an gComhairle agus An Bord don tSraith Shóisearach le haghaidh athbhreithnithe cur i bhfeidhm luatha cosúla ar ábhair na sraithe sóisearaí i gCéim 1 agus 2 (Béarla, Eolaíocht agus Gnó). Bailíodh aiseolas ar na bealaí seo a leanas:

- cuairteanna scoile chun dearcthaí agus taithe mhúinteoirí na hAmharc-ealaíne agus na scoláirí ón 2 - 6<sup>ú</sup> bliain (12 múinteoirí agus 48 scoláire ó 5 scoil don Amharc-ealaín).
- cruinnithe fócasghrúpaí réigiúnacha i Luimneach, Gaillimh agus Baile Átha Cliath (22 rannpháirtí)
- suirbhé ar líne (93 freagra)
- aighneachtaí scríofa (7 n-aighneacht)

Iarradh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na cuairteanna scoile agus na hagallaimh ar líne a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideacht na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás inar thug eagraíocht cead follasach go n-aithneofaí í mar eagraíocht a chuir leis an gcomhairliúchán trí aighneachtaí scríofa.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí, bunaithe ar thacar de théamaí treoracha a bhí in úsáid ar feadh an athbhreithnithe. Chabhraigh sé seo chun téamaí sna sonraí a bailíodh a shainnithint agus a anailísiú. Scríobhtar sleachta athfhriotail ó rannpháirtithe agus ó pháirtithe leasmhara i gcló iodálach ar fud na tuarascála – aistríodh na hathfhriotail go Gaeilge nuair ab gá.

## Cuairteanna scoile

Piocadh na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh cuairteanna as sampla sraithe de sheacht scoil as na scoileanna a d'fhreagair do ghairm oscailte chun páirt a ghlacadh san athbhreithniú. Bhí 126 freagra ar an ngairm oscailte seo, agus léirítear briseadh síos na scoileanna roghnaithe i dTábla 3 thíos. B'éigean do dhá scoil tarraingt siar as an bpróiseas ar ghearrfhógra. Mar gheall ar dhearadh an sceidil athbhreithnithe, níorbh fhéidir na cuairteanna seo a athsceidealú chun scoileanna eile a éascú ó liosta na bhfreagróirí a raibh suim acu in am. Bhí dhá fhócasghrúpa sna cuairteanna scoile le scoláirí ón 2 go 6<sup>ú</sup> bliain, agus na múinteoirí Amharc-ealaíne.



Briseadh síos de réir chineál scoile	Staitisticí náisiúnta (%)	Líon na gcineálacha scoile a dtugadh cuairt orthu	Ionadaíoch %
BOO	35%	2	28.5%
Meánscoil Dheonach	50%	4	57.2%
Scoil Phobail/Chuimsitheach	15%	1	14.3%
Beag (1 – 400)	38%	1	14.3%
Meánach (401 – 800)	46%	4	57.2%
Mór (801+)	16%	2	28.5%
DEIS	27%	3	42.9%
Measctha	70%	4	57.2%

Tábla 3: Briseadh síos staitisticí náisiúnta na scoileanna i gcomparáid leis na scoileanna a roghnaíodh agus ar tugadh cuairt orthu (tabhair faoi deara: b'éigean do dhá scoil tarraingt siar ar chúiseanna nach raibh súil leo. Tá na scoileanna seo san áireamh sa liosta thuas.)

### Cruinnithe le fócasghrúpaí réigiúnacha

Bhí na daoine ag na fócasghrúpaí réigiúnacha ábalta féinroghnú a dhéanamh don imeacht ar mhaith leo freastal air trí chlárú ar an suíomh gréasáin. Cuireadh na himeachtaí seo chun cinn trí ardáin mheán shóisialta an CNCM ((Twitter, Facebook, Instagram agus LinkedIn). Seoladh cuirí amach chomh maith chuig páirtithe leasmhara oideachasúla eile agus páirtithe. Ba mhúinteoirí Amharc-ealaíne iad formhór na ndaoine a d'fhreastail ar na himeachtaí, lena n-áirítear iad siúd a bhí ag déanamh ionadaíocht ar an *Art Teachers' Association of Ireland*. D'fhreastail ionadaithe ó Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, Chester Beatty, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar na himeachtaí.

### Déan suirbhé

Úsáideadh suirbhé chun aiseolas a bhailiú ó aon duine a raibh ag iarraidh a gcuid taithí ar Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí a roinnt ar líne via [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie), [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) agus thar ardáin mheán sóisialta CNCM. Bhí 93 freagairt ar an suirbhé agus ba mhúinteoirí Amharc-ealaíne iad go léir, agus duine amháin a roghnaigh a bheith aitheanta mar thuismitheoir chomh maith.

### Aighneachtaí scríofa

Rinneadh cuireadh oscailte chuig aighneachtaí i scríbhinn tríd [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie), a roinneadh go díreach lenár bpáirtithe oideachasúla. Fuarthas seacht n-aighneacht i scríbhinn san iomlán (*Art Teachers'*

*Association of Ireland (ATAI), COGG, Department of Education Inspectorate (DE), Junior Cycle for Teachers (JCT), Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), agus 2 ó mhúinteoirí Amharc-ealaíne).*

## Aiseolas ón athbhreithniú

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an athbhreithnithe. Chuir na réimsí teorach don phlé a úsáideadh i gcaitheamh an athbhreithnithe (Tábla 2) anailís an aiseolais a fuarthas le chéile. Léirítear formhór an aiseolais de réir téamaí agus, san áit gurb amhlaidh atá, bíonn dearcthaí agus léargais ó réimse leathan rannpháirtithe. Faigheann an scoláire agus an múinteoir cleachtadh ar go leor gnéithe den tsraith shóisearach ar bhealach comhtháite. Dá bhrí sin, beidh roinnt gnéithe coiteanna thar na réimsí aiseolais soiléir thíos.

### Torthaí Foghlama

D'aontaigh formhór na bhfreagróirí ó na ceithre mhodh rannpháirtíochta go bhfuil struchtúr an chúrsa, ó thaobh chur i láthair na snáitheanna agus na ngnéithe de, oiriúnach, agus d'aontaigh siad ar an iomlán go gcuireann na torthaí foghlama in iúl an méid ar cheart go mbeadh eolas agus tuiscint ag an scoláire air, agus é ábalta tabhairt faoi laistigh 200 uair an chloig rannpháirtíochta ranga.

*Go díreach, tá siad an-leathan agus úsáidtear cuid díobh go minic i réimse tograí. Tá briathra gnímh iontu a bhaineann leis na trí snáithe a shóiléiríonn don mhúinteoir cén chaoi leis na cuspóirí foghlama a chruthú don scoláire. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Thug rannpháirtithe faoi deara gur chabhraigh na torthaí foghlama go mór leis an scoláire teanga chriticiúil agus amhairc a fhorbairt, chomh maith le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus na prionsabail dearaidh. Tugadh faoi deara go raibh roinnt gnéithe coiteanna idir na trí snáithe Ealaíne, Ceardaíochta agus Dearaidh, leis na torthaí foghlama uile ag leanúint cur chuige atá cosúil lena chéile sna trí snáithe seo ach le béim dhifriúil i ngach ceann acu, bunaithe ar fhócas an tsnáithe féin. Mheas roinnt freagróirí, ó na modhanna rannpháirtíochta uile, go raibh an iomarca torthaí foghlama ann agus go raibh cuid acu athráiteach.

Bhí tuairimí measctha ann maidir leis an teanga a úsáidtear sna torthaí foghlama. Chuir roinnt rannpháirtithe an tuairim in iúl go raibh siad ró-acadúil agus gur cheart go mbeadh na briathra gnímh a úsáidtear níos praiticiúla nó bunaithe ar an radharc, mar shampla dear, pleanáil, tóg, forbair, ionramháil. Bhí rannpháirtithe ann chomh maith a luaigh go ndearnadh cur síos ar na torthaí foghlama ar bhealach a thugann tacaíocht do na múinteoirí scéimeanna nó aonaid oibre a phleanáil nó a fhorbairt go héifeachtúil.

Tá fianaise ann ón athbhreithniú gur tháinig roinnt éiginnteachta chun cinn maidir leis na treoirlínte measúnaithe, ina ndéantar tagairt do na gnéithe Ealaíne agus prionsabail dearaidh a chuirtear in aithne do na múinteoirí san Oideachas Tosaigh Múinteoirí (ITE). Tá dul amú ar roinnt múinteoirí maidir le ciall na ngnéithe seo agus tá siad á úsáid chun tagairt a dhéanamh do chúig Ghnéithe comhuainíochta na Snáitheanna sa tsonraíocht.

Cuireadh an tuairim in iúl gur gá go mbeadh a fhios ag múinteoirí nár ghá toradh foghlama iomlán a chlúdach ag aon am amháin agus gur féidir le múinteoirí prapáil a dhéanamh do thoradh foghlama críochnaithe thar thréimhse trí bliana. Thug Cigireacht na Roinne Oideachais (RO) faoi deara, ina haighneacht, go mbíonn gá scaití le go mbeadh tuiscint níos soiléire ag múinteoirí ealaíne ar na naisc idir na torthaí foghlama agus na cuspóirí foghlama.

## Pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú

Thar na modhanna rannpháirtíochta uile, bhí formhór na bhfreagraí maidir leis an réimse seo dearfach, le béim ar thairbhe na dtorthaí foghlama chun pleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú.

*Tá na Torthaí Foghlama tar éis mé a bhrú beagán amach as mo ghnáthchrios compoird. Chabhraigh siad liom na heispéiris curtha ar fáil don scoláire a leathnú amach. Táimid níos rannpháirtí leis an ealaín inár bpobal anois agus chabhraíomar cuid shainiúil den teagasc agus foghlaim a dhéanamh den amharcstaidéar. Tá scoláirí níos muiníní an téarmaíocht a bhaineann leis an ealaín a úsáid agus aiseolas a thabhairt dá chéile. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Mheas roinnt mhaith freagróirí go raibh nasc nádúrtha idir na torthaí foghlama a úsáid chun pleanáil a dhéanamh agus an chaoi ar chruthaigh sé sin naisc idir an teagasc, a foghlaim, an measúnú agus an tuairisciú. Mhol go leor rannpháirtithe an teimpléad a d'fhorbair An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí chun tacaíocht a thabhairt don phleanáil, cé gurbh fhearr le roinnt leagan digiteach níos solúbtha. Bhí éileamh freisin ar thuilleadh samplaí de phleananna samplacha a chlúdaíonn trí bliana na sraithe sóisearaí. Aontaíodh go forleathan nach raibh go leor ama ann don phleanáil; le freagróirí ag lua gur dhúshlán leanúnach a bhí ann.

D'aithin aighneacht na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí gur éifeachtaí an phleanáil ag baint úsáid as na torthaí foghlama nuair a bhíonn baint chomhoibríoch leo. Sa chomhthéacs seo, tugtar faoi deara go mbíonn go leor múinteoirí i rannóga aon mhúinteora amháin, rud a fhágann go mbeadh sé an-deacair tabhairt faoin gcineál comhoibríoch seo.

Luaigh scoláirí go raibh cleachtadh acu ar réimse measúnaithe éagsúil le linn na dianghlasála, lena n-áirítear critic mhúinteora, phiaraí agus ghrúpa, úsáid rúibrice, monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn trí obair leabhar sceitseála, scrúduithe tarraingthe/baile agus trialacha eochairfhocail agus Measúnuithe Rangbhunaithe. Thug an Chigireacht RO a leanas faoi deara de bharr na paindéime;

*is féidir a lua go bhfuil spleáchas ar sheanchleachtas nach bhfuil ag teacht leis an tsonraíocht nua, go háirithe an easpa obair ghrúpa (Aighneacht scríofa)*

Thug an Chigireacht RO a leanas faoi deara freisin;

*tá béim in go leor cásanna ar fhorbairt na scileanna a chur chun cinn seachas cur chuige cothrom i leith scileanna a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh smaointe a fhorbairt i bpáirt le chéile. (Aighneacht scríofa)*

Aithníodh an nasc dearfach leis an Amharcstaidéar in Ealaín AT i bhfreagraí eile. Mar sin féin, dhírigh roinnt freagraí eile ar thorthaí foghlama ar leith nach raibh chomh tábhachtach sin dar le roinnt freagróirí mar gheall nach bhfaca siad an nasc idir iad agus an measúnú deiridh é féin; d'airigh na freagróirí seo chomh maith go raibh níos lú ama ann na torthaí foghlama a úsáid laistigh dá bpleanáil nó iad a chur i bhfeidhm go léir chomh héifeachtúil céanna.

## Measúnú in Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí

### Measúnú leanúnach

Ba mhór ag na scoláirí an deis réimse meán éagsúil a úsáid agus an t-am a bheith acu a gcuid scileanna in úsáid na meán a fhorbairt. Bhí sé an-tábhachtach dóibh a gcuid leabhar scitseála agus saothar réadaithe a fhorbairt. Mar aon leis an tsaoirse a gcuid cinntí féin a dhéanamh maidir leis na meáin, na téamaí agus na smaointe agus a bheith ábalta iad seo a phlé agus aiseolas a spreagadh ó na múinteoirí. Chonaic an scoláire an tábhacht a bhaineann lena chuid gníomhaireachta féin a aithint ina chuid oibre agus ba mhór aige nuair a d'éascaigh agus thacaigh na múinteoirí leis seo agus nuair nár éirigh siad an-treorach i leagan amach ghníomhaíochtaí an scoláire.

Bhí formhór an aiseolais ó na múinteoirí faoin measúnú bunaithe ar an measúnú deiridh agus na Measúnuithe Rangbhunaithe. Mar sin féin, bhí aiseolas saibhir ann ar chuir chuige eile i leith measúnaithe, lena n-áirítear aiseolas a chur léargas dearfach ar fáil maidir le húsáid an mheasúnaithe fhoirmithigh sna seomraí ranga Amharc-ealaíne. Mar shampla, luadh go minic gur féidir aiseolas a thabhairt ar ábhar na hAmharc-ealaíne trí thráchtáil agus comhrá leanúnach leis an scoláire go héasca.

Thug scoláirí faoi deara go bhfuair siad go leor aiseolais ar a gcuid oibre thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Dúirt scoláirí go bhfuair siad go leor comhairle múnlaithigh agus cúnaimh óna múinteoirí, i bhfoirm scríbhinn agus ó bhéal araon. Luaigh siad gur athrú a bhí ann mar go mbíodh cleachtadh acu ar aiseolas a fháil trí mharcanna suimitheacha, gráid agus céatadáin.

Thug an t-athbhreithniú roinnt léargas an-dearfach ar chleachtas an mheasúnaithe fhoirmithigh a bhaineann le húsáid na gcuspoirí foghlama agus na gcritéar ratha.

*Feictear dom go bhfuil an-luach ag baint le cuspóirí foghlama comhchruthaithe agus critéir ratha. É sin ráite, is cinnte nach ionad ilfhreastail é; feictear dom gur gá athshúil a thabhairt ar na cuspóirí foghlama agus critéir ratha de réir mar a dhéanann an scoláire dul chun cinn sna tionscnaimh mar gur minic go mbíonn sé deacair air an méid atá 'á fhoghlaim' aige a thabhairt faoi deara seachas an méid atá 'ar siúl' aige. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Thug múinteoirí faoi deara chomh maith go raibh an t-eolas agus an tuiscint ar na cuspóirí foghlama agus na critéir ratha ag tús na gceachtanna ag cur le torthaí dearfacha an scoláire ina chuid foghlama.

Luaigh An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ina haighneacht scríofa go seachnaítear obair ghrúpa i formhór na gcomhthéacsanna agus luadh é seo chomh maith sna breathnuithe a rinne an Chigireacht RO. Luaigh An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí buarthaí a rinne múinteoirí maidir le ionchur aonair a bhainistiú nuair a bhíonn grúpa i gceist agus measúnú a dhéanamh ar an obair aonair seo nuair a éascaíodh obair ghrúpa.

### Measúnuithe Rangbhunaithe

Mar atá luaite sa chuid thuas, bhí oiriúnaithe déanta ar mheasúnú Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí ó 2020 go 2023. Mar sin féin, mar a luaitear chomh maith, cé nach raibh Measúnú

Rangbhunaithe 1 éigeantach sa dara bliain níos mó, bheadh cleachtadh ag formhór scoláirí air mar chur chuige ginearálta tríd obair thionscadail. Dá réir sin, cuireadh neart aiseolais ar fáil ar an dá Mheasúnú Rangbhunaithe san athbhreithniú. Bhí an obair 3T, ar an lámh eile, an-teoranta i mbar na paindéime agus ní raibh sé éigeantach níos mó.

## MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: Ó Phróiseas go Cur i gcrích

Mar atá leagtha amach sa tsonraíocht, roghnaíonn an scoláire, as féin nó mar chuid de ghrúpa, téama amháin ó liosta a réitigh CNCM. Cruthaíonn sé smaointe ansin, agus baineann sé triail as na smaointe sin agus forbraíonn sé iad ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne, agus cuireann sé saothar ealaíne i gcrích trí cheann de na trí snáithe.

### Aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1

Bhí an t-aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 an-dearfach tríd is tríd. Luaigh múinteoirí gur thug an Measúnú Rangbhunaithe tuiscint shoiléir don scoláire ar an bpróiseas cruthaitheach. Thug siad an méid seo a leanas faoi deara de thairbhe Mheasúnú Rangbhunaithe 1 chomh maith:

- cuireadh feabhas ar rannpháirtíocht an scoláire agus úinéireacht ar a chuid smaointe, oibre agus bainistíocht ama féin
- tugadh cúnamh don scoláire díriú air agus tuiscint a fháil ar an gcaoi go nasctar gnéithe na hAmharc-ealaíne trína chuid oibre
- tugadh saoirse don scoláire an téama, cur chuige, snáithe, meáin agus modh taighde féin atá le déanamh a roghnú
- cuireadh struchtúr an-chabhrach ar fáil maidir le pleanáil do na ceachtanna.

D'fháiltigh múinteoirí roimh an gcaoi a dtagann Measúnú Rangbhunaithe 1 le teagasc agus foghlaim laethúil gan stró.

*Tá Measúnú Rangbhunaithe 1 níos réalaíche, is féidir [an] leabhar sceitseála a thabhairt leat, coinneáil ort taobh amuigh den seomra ranga. Is féidir [leis an scoláire] a leabhar sceitseála a thabhairt abhaile, tugann sé seo ómós úinéireachta dó, tugtar aire dóibh, tá braistint bhróid ag an scoláire. Tá rath ag baint le Measúnú Rangbhunaithe 1. Éiríonn leis. (Múinteoir, cuairt scoile)*

D'fháiltigh rannpháirtithe roimh na téamaí do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 atá leathan agus oscailte araon, a eisíonn CNCM go bliantúil.

*Na téamaí, cabhraíonn siad an aigne a oscailt i dtreo acmhainneachta téamaí. Má tá taithí ag duine ar théama cabhraíonn sé seo leo é a fheiceáil ó dhearcthaí difriúla. (Scoláire, cuairt scoile)*

Is fiú a lua gur dearadh Measúnú Rangbhunaithe 1 go rithfear laistigh thréimhse ama fada, go hiondúil ó mhí na Samhna go mí Bealtaine na bliana dar gcionn, ach socraíonn an múinteoir/an scoil an méid ama a chuirtear ar leataobh do Mheasúnú Rangbhunaithe 1. Labhair an ATAI go dearfach

faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 agus luaigh siad gur fháiltigh múinteoirí agus scoláirí roimh an tsolúbthacht a bhain leis.

Luadh ceist an bhrú i dtaca leis na Measúnuithe Rangbhunaithe de, cé gur tugadh faoi deara nach é an brú a bhain le Measúnú Rangbhunaithe 1 san Amharc-ealaín a dhéanamh a bhí ina fhadhb don scoláire, ach go raibh Measúnuithe Rangbhunaithe go ginearálta sna hábhair uilig ag tarlú thart ar an am céanna sa dara bliain. Cuireadh roinnt imní in iúl maidir leis an méid ama a theastaíonn chun dul i ngleic leis na Measúnuithe Rangbhunaithe go ginearálta, le múinteoirí ag cuardach tuilleadh teorach agus comhairle i dtaca leis seo.

## MRB 2: Cuir in iúl agus Déan Machnamh

Mar atá leagtha amach sa tsonraíocht, roghnaíonn an scoláire, go haonair, cás amháin ó liosta a réitigh CSS chun smaointe a chothú, triail a bhaint as smaointe agus obair ullmhúcháin eile a dhéanamh ina bhloc sceitseála Amharc-ealaíne. Cuireann an scoláire an taighde agus an obair thosaigh sin i láthair tríd an dá shnáithe atá fágtha agus nach ndearnadh mar chuid den chéad Mheasúnú Rangbhunaithe. Déanann an múinteoir measúnú ar an gcur i láthair smaointe agus ar an obair ullmhúcháin seo agus déanann an scoláire machnamh ar an aiseolas a fhaigheann sé.

Is fiú a lua gur cuireadh an téarma níos coitianta ‘téamaí’ in áit an téarma ‘cásanna’ ó foilsíodh an tsonraíocht. Eisíonn CNCM na téamaí seo do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 sa dara bliain agus an CSS, ag tús an tríú bliain, do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 agus measúnú deiridh nasctha. Tar éis don scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích, forbróidh sé go suntasach a chuid smaointe agus cuirfidh sé dhá phíosa oibre i gcrích le haghaidh an scrúdaithe stáit.

## Aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 2

Baineann príomhbhuanna Mheasúnú Rangbhunaithe 2, a d’aithin formhór na bhfreagróirí, leis an mbraistint bhróid a d’fhorbairt an scoláire ina leabhar sceitseála chomh maith leis an mbraistint éachta. Luaigh rannpháirtithe eile go bhfuair an scoláire taithí ar an tsaoirse smaointe agus coincheapa a fhiosrú agus triail a bhaint as na smaointe seo agus réimse meán agus cur chuige. Cosúil le Measúnú Rangbhunaithe 1, d’aithin na scoláirí rochtain agus úsáid réimse leathan meán mar cheann de ghnéithe dearfacha an Mheasúnú Rangbhunaithe seo.

*Is maith an rud é rogha meán a bheith ann don chuid dheiridh... chun teicnicí agus meáin nua a fhoghlaim.... nár úsáideadh cheana b’fhéidir. (Scoláire, cuairt scoile)*

Trí chur ar chumas an scoláire tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chuid scileanna thug múinteoirí faoi deara gur fhág an Measúnú Rangbhunaithe go raibh an scoláire níos spreagtha agus rannpháirtí. Ghlac na scoláirí seilbh ar a gcuid oibre agus bhí siad níos rannpháirtí i gcomhráite faoina chuid oibre agus obair daoine eile. Chonacthas do roinnt daoine gur thug Measúnú Rangbhunaithe 2 am don scoláire a chur chuige don mheasúnú deiridh a phleanáil; cheadaigh sé dó botúin a dhéanamh agus ansin cinneadh a dhéanamh maidir leis an treo ina ngabhfaidh a chuid oibre don mheasúnú deiridh. Mar a dúirt rannpháirtí amháin,

*Mar gheall go raibh taithí Mheasúnú Rangbhunaithe 1 acu, tá tuiscint níos fearr acu ar an méid a chaithfear a dhéanamh, agus d’fhéadfadh sé gur fhoghlaim siad ó bhotúin luachmhara. Is féidir leo a bheith ag obair níos neamhspleáiche, tá siad ag*

*staid ina bhfuil níos mó taithí acu ar réimse meán agus scileanna agus is féidir leo a bheith níos trialaí astu féin. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Cuireann an sliocht thíos dearcadh go leor freagróirí in iúl:

*Is breá liom Measúnú Rangbhunaithe 2. Is tionscadal iontach é atá lán tástála. Ós rud é gur féidir leis an scoláire a bheith ag obair in aon leagan amach leabhair sceitseála ar mhaith leo, bíonn an obair orgánach agus leanann sé ar aghaidh go héasca idir taighde agus forbairt. Tá an neamhspleáchas ag an scoláire a bheith ag obair go mór, beag, go leor bonn agus meáin a úsáid. Is bealach iontach é don scoláire na trí théamaí don scrúdú Stáit a fhiosrú. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Luaigh roinnt freagróirí an bhraistint a thrá san obair a thugann an scoláire fúithi i Measúnú Rangbhunaithe 2 agus sa mheasúnú deiridh. Luadh gur féidir le frustrachas a bheith ar scoláire dá bharr seo agus go háirithe ar scoláire a bhfuil an t-ábhar ina dhúshlán dó, agus ar scoláire le RSO.

Is cuid thábhachtach de phróiseas Mheasúnú Rangbhunaithe 2 é an obair a chur i láthair agus machnamh a dhéanamh ar an aiseolas ón múinteoir agus ó na piaraí don scoláire agus úsáidtear é chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh ar na treonna féideartha ina ngabhadh a chuid oibre sa mheasúnú deiridh. Úsáidtear é seo i gcur i gcrích na *Foirme Cuir in iúl agus Déan Machnamh* ag tús leabhar oibre an scoláire eisithe ag an CSS don mheasúnú deiridh. Luaigh roinnt rannpháirtithe nach mbíonn fonn ar roinnt scoláirí a gcuid oibre a chur in iúl dá bpiaraí agus cé gur bealach amháin é grúpaí beaga a úsáid chun an bhéim ar an gcur i láthair a laghdú, tá daoine eile fós ag déanamh iarrachta bealach a aimsiú chun an méid céanna a bhaint amach.

### **Na Gnéithe Cáilíochta (FoQs)**

Mheas formhór na bhfreagróirí go raibh cur in iúl Mheasúnú Rangbhunaithe 1 sna Treoirlínte Measúnaithe soiléir agus achomhair go ginearálta, agus thug siad faoi deara go raibh na Gnéithe Cáilíochta úsáideach chun an méid a bhfuiltear ag súil leis a mhíniú do na tuismitheoirí agus ar mhaithe leis an measúnú. É sin ráite, leag roinnt múinteoirí béim ar an méid a shíl siad atá ina neamhréireacht idir an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na ceithre thuairisceoirí leibhéil gnóthachtála agus an teanga a úsáidtear sna Gnéithe Cáilíochta.

*Is cosúil go bhfuil mí-ailíniú idir na 'Tuairisceoirí' agus na 'Gnéithe Cáilíochta'. Mar shampla: Ní nasctar [an] 'Eisceachtúil' [déantar cur síos ar an Tuairisceoir mar] 'ardchaighdeán' agus [an Ghné Cháilíochta ailínithe leis mar] 'an-mhaith'. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Bunaithe ar roinnt trácht a rinneadh thar réimse freagraí, bhí roinnt scoláirí ag déanamh comparáide chomh maith idir an Tuairisceoir Mheasúnú Rangbhunaithe a bronnadh agus an toradh a baineadh amach i measúnú deiridh an CSS.

Maíodh freisin le linn an athbhreithnithe go raibh tionchar suntasach ag leibhéal an éachta a bronnadh do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 ar an ngrád a raibh an scoláire ag súil le baint amach sa mheasúnú deiridh.

*Tá na Gnéithe Cáilíochta soiléir. Mar sin féin, is féidir le mearbhall a bheith ar scoláire a bhain "Eisceachtúil" amach mar éacht ag leibhéal Mheasúnú*



*Rangbhunaithe 2, agus a bhíonn ag súil ansin le go mbeadh obair ar an gcaighdeán céanna ina grád 'Pas le Gradam' sa scrúdú deiridh, ach ní hamhlaidh an scéal i gcónaí. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

## **Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)**

Creid é nó ná creid, bhí formhór na bhfreagraí i dtaca le AFMÁanna de thar a bheith dearfach, mar a léiríonn na sleachta seo:

*Ar fheabhas) Mar mhúinteoir ábhair aonair feictear dom gur pointe cóimheasa iontach do mheasúnú agus uirlis chun cáipéisí na hAmharc-ealaíona a phlé agus bealach chun réitigh phraiticiúla ar cheisteanna a thagann aníos sa seomra ranga a chur in iúl iad na AFMÁanna. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

*Ba é ceann de ghnéithe athchóiriú na Sraithe Sóisearaí ab fhearr liom. Thar a bheith tairbheach do gach duine a páirt, lena n-áirítear na scoláire. Bhí sé iontach dearcadh eile a fháil ar chúrsaí. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Áirítear a leanas leis na frásaí a úsáideadh go ginearálta, thar na modhanna rannpháirtíochta uilig; “timpeallacht thacúil”, “an-dearfach”, “cabhraíodh caidrimh le múinteoirí ealaíne eile a fhorbairt”, “luachmhar”, “cabhrach do mhúinteoir atá nua nó nach bhfuil cinnte faoin bpróiseas”, “comhoibriú”, “ábhar dóchais” agus “tugtar dearbhú do thuairimí a roinneadh le daoine eile”, “ba cheart go mbeadh tuilleadh deiseanna ann don chineál comhoibríthe choláistigh seo”. Mheas beagnach gach múinteoir ó rannóg aon mhúinteora amháin gur rud an-dearfach a bhí ann nascadh le scoileanna eile.

### **Samplaí d'Obair na Scoláirí**

Is é cuspóir oibre samplaí an scoláire ná tacú le forbairt ghairmiúil na múinteoirí. Tá siad úsáideach chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i gcruinniú AFMÁ chun plé a réiteach maidir le cinneadh a dhéanamh ar leibhéal éachta do phársa oibre Mheasúnú Rangbhunaithe. Tá gach sampla d'obair an scoláire atá foilsithe ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) lena n-áirítear na nótaí agus na breithiúnais, deimhnithe ag grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina bhfuil múinteoirí atá ag cleachtadh a ngairme agus ionadaithe ó CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí.

Thuairiscigh formhór na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú gur úsáid siad obair shamplach an scoláire ag am éigin, ach dúirt go leor nár úsáid siad chomh minic céanna iad le cúpla bliain anuas. Mheas go leor rannpháirtithe go raibh na samplaí d'obair an scoláire cabhrach, ag leagan béim ar an luach a bhain leis an gcaoi gur tharla breithiúnas cothromaithe de bharr na nótaí agus leibhéal na gnóthachtála a bronnadh a fheiceáil chomh maith leis an réimse disciplíní a fiosraíodh sna samplaí. Mar sin féin, ba mhaith le múinteoirí tuilleadh samplaí nua a fheiceáil de leibhéal éagsúla gnóthachtála agus réimse níos leithne de chur chuige a úsáidtear in Measúnú Rangbhunaithe 1 agus Measúnú Rangbhunaithe 2, lena n-áirítear cur chuige digiteach.

Thar na modhanna rannpháirtíochta uile, thug freagróirí faoi deara nár úsáid go leor díobh na samplaí oibre níos mó agus ina áit sin d'fhorbair siad taisce oibre dá gcuid scoláirí féin, a ndéantar plé air le linn cruinnithe AFMA, nó a chuireann múinteoirí eile ar fáil trí phostálacha ar na meáin

shóisialta chun cabhrú leo cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal gnóthachtála. Bhí sé ina ábhar imní ag roinnt múinteoirí go raibh obair an scoláire á roinnt ar na meáin shóisialta toisc nach dtacaíonn a leithéid de chleachtas le sraith caighdeáin náisiúnta sa chóras scoile.

## An Measúnú Deiridh

Mar a luadh sa tsonraíocht, tar éis do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 a bheith curtha i gcrích, forbróidh an scoláire a chuid smaointe go suntasach agus cuirfidh sé dhá pháosa oibre i gcrích le haghaidh an scrúdaithe stáit. Bunaítear na páosaí oibre sin ar an dá shnáithe nach ndearnadh do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 sa dara bliain. Cuirfear an obair a chuirtear i gcrích agus an obair forbartha lena mbaineann isteach le haghaidh measúnaithe faoi thús mhí na Bealtaine. Ní dhearnadh an measúnú seo ina iomláine ach uair amháin.

### Aiseolas maidir leis an measúnú deiridh

Phléigh na freagróirí príomhbhuanna agus dúshláin an mheasúnaithe dheiridh.

*Is iad na príomhbhuanna ná go n-airíonn an scoláire go bhfuil sé ullmhaithe agus réidh don tionscadal tar éis Mheasúnú Rangbhunaithe 2 rathúil. Is iad na dúshláin ná tacaíocht a thabhairt don scoláire níos laige agus don scoláire RSO i bpáipéar comónta [sic] agus cloí le bunfhoinsí agus treoirlínte an Leabhair Oibre. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Luadh an t-am mar dheacracht. D'airigh freagróirí nach raibh go leor ama ann don scoláire an measúnú deiridh a dhéanamh agus déantúsán críochnaithe a fhorbairt agus a chruthú. Tugadh an laghdú seo ó dhá dhéantúsán go ceann amháin isteach le linn na gcoigeartaithe ar shocrúithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19. Dúirt go leor dóibh siúd a luaigh an pointe seo freisin dá gcuirfí deireadh leis an am socraithe a leagadh amach sna coigeartuithe reatha ar na socruithe measúnaithe le linn na paindéime, bheadh sé beagnach dodhéanta dhá dhéantúsán ar leith a chruthú. Luaigh freagróirí go raibh an scoláire ag glacadh páirt i dtionscadail scrúdaithe stáit eile ag an am céanna, a chuir leis an mbrú ama.

Aithníodh athdhéanamh mar dhúshlán eile don scoláire.

*Bíonn an t-aistriú ón Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích go tús a chur leis an measúnú deiridh an-deacair ar an scoláire. D'fhéadfadh an scoláire bheith tuirseach dá smaointe Mheasúnú Rangbhunaithe & táimid ag iarraidh orthu leanúint ar aghaidh, airíonn an scoláire freisin go bhfuil sé ag athdhéanamh roinnt oibre arís. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Mheas roinnt múinteoirí go raibh dearadh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe 2 agus an mheasúnaithe deiridh an-chosúil lena chéile. É sin ráite, luaigh daoine eile gur léirigh an measúnú deiridh dul chun cinn loighciúil ó Mheasúnú Rangbhunaithe 2, agus gurbh é ceann de na príomhbhuanna ná go raibh obair an scoláire níos pearsanta agus neamhspleáiche.

Bhí freagairtí measctha ann maidir le leabhar oibre an mheasúnaithe deiridh, le formhór na bhfreagróirí a léirigh gur dúshlán é méid bheag an leabhráin (A4) agus go bhfuil srianta leis. Dúirt múinteoir amháin sa suirbhé ar líne, go raibh sé an-deacair iniúchadh agus fiosrúchán a dhéanamh i spás chomh beag sin agus nach raibh sceitimíní ar an scoláire go dtí go raibh siad ag obair ar a pháosa

deireanach. Luaigh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí é seo freisin, ina haighneacht bunaithe ar a dtaithí a bheith ag comhrá le múinteoirí, go bhfuil neamhspleáchas an scoláire le linn chéim 1 Mheasúnú Rangbhunaithe 2 ag teacht salach ar na teorainneacha agus na srianta a chuirtear i bhfeidhm sa mheasúnú deiridh. É sin ráite, dúirt múinteoir amháin sa suirbhé gur thaitin sé go mór leo go raibh an scoláire ag obair i leabhar oibre A4 an mheasúnaithe dheiridh seachas ar bhileoga A2 mar gheall gur léirigh sé an bealach a oibríonn an t-ealaíontóir.

Chuir freagróirí roinnt inní in iúl maidir le deacracht a braitheadh leibhéal arda éachta a bhaint amach sa mheasúnú deiridh. Luaigh roinnt daoine nach raibh siad chomh muiníneach sin maidir leis an mbealach is fearr chun comhairle a chur ar an scoláire agus go raibh an caighdeán ró-ard. Cuireadh in iúl gur braitheadh go raibh an banda Tuillteanais róleathan, agus chuir roinnt freagróirí inní in iúl maidir leis an tionchar féideartha a bheadh ar roghnú an ábhair sa tsraith shinsearach má shíltear go bhfuil an iomarca deacrachta ag baint leis ó thaobh gnóthachtála sa tsraith shóisearach de. Luaigh an aighneacht ón gCigireacht RO go raibh an chuma air nach raibh múinteoirí cinnte den nasc idir Measúnú Rangbhunaithe 2 agus an measúnú deiridh de bharr coigeartuithe ar na socruithe measúnaithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

## Aiseolas agus tuairisciú

D'aontaigh formhór na bhfreagróirí gur eispéiris dhearfacha iad na hathruithe a rinneadh ar aiseolas a thabhairt agus tuairisciú measúnuithe.

*Is mó an nasc leis an bhfoghlaim agus tuiscint ar scéal iomlán an mhéid atá á fhoghlaim acu agus an chaoi go bhféadfadh sé eolas a dhéanamh dá ndomhan taobh amuigh den seomra ranga. Bíonn níos mó údaráis agus muiníne ag an scoláire ina chinnteoireacht agus an próiseas. Mínítear i bhfad níos mó agus tá tuilleadh soiléireachta i dtuiscint na foghlama ag an scoláire agus na tuismitheoirí.  
(Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Léirigh go leor freagróirí thar na modhanna rannpháirtíochta uile go bhfuil níos mó soiléireachta ann don scoláire anois maidir leis an méid atá á fhoghlaim acu agus de bharr úsáid na gcritéar ratha leagtar tuilleadh béime ar an aiseolas a thugtar. Moladh gur féidir struchtúr a chur ar úsáid an aiseolais mhúnlaithigh trí chúig Ghnéithe comhuainíochta Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí a úsáid ar bhealach cuiditheach. Luaigh daoine eile gur chabhraigh an modh tuairiscithe seo leis an scoláire machnamh níos doimhne a dhéanamh ar a chuid foghlama.

*D'athraíomar an chaoi a scríobhaimid agus a gcuirimid tuairiscí i bhfocail. Gan na tráchtanna aon uaire a úsáid chomh minic céanna. Tá siad níos cuidithí agus dírithe ar an scoláire. Tá an teanga mórthimpeall orthu níos dírithe chomh maith ón tsonraíocht agus na Gnéithe Cáilíochta (Rannpháirtí, fócasghrúpa réigiúnach)*

Mar a luaigh an ATAI, d'athraigh teanga an mheasúnaithe sa tuairisciú agus is dúshlán do na múinteoirí é dul i dtaithí ar an téarmaíocht nua a bhaineann le teanga níos leithne an mheasúnaithe. D'athluaigh múinteoirí dearcadh an scoláire go bhfuil gá tuairisceoirí a mhíniú do thuismitheoirí, ach cheap siad freisin go bhfuil teanga na nGnéithe Cáilíochta úsáideach agus aiseolas á thabhairt.

Is é ceann de na príomhdhúshláin dar leis an scoláire ná an neamhréir a braitheadh idir na tuairisceoirí a bronnadh do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na gráid a bronnadh don mheasúnú deiridh.

Tá braistint ann go bhfuil go leor scoileanna ag déanamh iarracht tacú leis an gcur chuige déach seo i leith measúnaithe mar a mholtar san FWJC15 ach braitheann siad fós go gcaithfear marcanna agus céatadáin a úsáid don tuairisciú go léir. Seans gurb é cuid den bhunús atá leis seo ná go mbíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí ag súil le grád, marc nó céatadán mar aiseolas, cé gur luadh go raibh siad ag éirí níos feasaí de réir i chéile i dtaobh athruithe theanga an aiseolais. Luaigh go leor freagróirí úsáid na gcéatadán agus marcanna mar aon le tuairisceoir agus aiseolas ó bhéal a bhronnadh agus rinneadh an pointe go nglacann sé níos mó ama. É sin ráite, léiríonn an sliocht a leanas dearcadh i measc go leor múinteoirí:

*Fáiltím roimh an mbogadh ar shiúl ó na céatadáin agus an trácht comharthach, an nós a bhí i mo scoil riamh. Airím go bhfuil an scoláire agus na tuismitheoirí ag fáil aiseolais i bhfad níos fiúntaí sna tuairiscí anois. É sin ráite bíonn roinnt tuismitheoirí ann fós ar mhaith leo A, B, C, etc. a bheith ar eolas acu. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Chonaic múinteoirí an tábhacht a bhain le tuairisceoirí a úsáid mar aiseolas chomh maith toisc go mbeidh sé tábhachtach don scoláire freisin agus é ag dul ar aghaidh go dtí an tsraith shinsearach:

*Tá an scoláire i bhfad níos feasaí anois i dtaobh na scileanna atá á bhfoghlaim aige seachas a bheith díreach ag obair tríd próiseas. Mar sin féin bíonn sé deacair air scaití glacadh leis an aiseolas a thugtar dó agus feabhas a chur air seo de réir mar atá sé ag bogadh ar aghaidh. Bíodh sin mar atá, measaim gur rud maith é go bhfuil sé seo á dhéanamh ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí mar cruthaíonn sé an bunús den mhéid ar cheart go mbeadh ar a chumas a dhéanamh sa tSraith Shinsearach. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Chomh maith leis sin, luaigh roinnt freagróirí gur cheart go mbeadh úsáid na teanga san fhoirm Chumarsáide agus Machnaimh agus sna tuairisceoirí níos oiriúnaí don scoláire.

## An t-aistriú chuig an tsraith shinsearach

D'aontaigh formhór na bhfreagróirí, thar na modhanna rannpháirtíochta uilig, go dtacaíonn an fhoghlaim san Amharc-ealaín le dul chun cinn an scoláire go Ealaín AT agus Ceardaíocht agus Dearadh na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF).

*Sílím go bhfuil nasc iontach idir an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach thar speictream leathan ábhair (nó gach ábhar), ach tá an nasc le hEalaín na Sraithe Sinsearaí níos saoráidí ná riamh anois. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Luaigh roinnt freagróirí an nasc idir an cur chuige leabhair oibre agus an leagan amach sa mheasúnú deiridh sa tsraith shóisearach agus an leabhar oibre obair chúrsa phraiticiúil san Ealaín AT.

Dúirt múinteoir amháin sa suirbhé ar líne, gur cabhraíodh leis an scoláire a bheith níos machnamhaí agus féinistiúrtha ina chuid oibre agus i bhforbairt a chuid smaointe agus tuairimí chomh maith le braistint fhreagrachta a fháil maidir lena chuid oibre féin, lena n-áirítear a eitic oibre a fheabhsú ar bhonn uilechoiteann.

## Ionchuimsiú

Luaigh roinnt freagróirí gur féidir leis a bheith deacair ag scoláire le RSO nuair a bhítear ag súil le tuilleadh oibre neamhspleáiche agus féinbhainistithe ón scoláire de réir mar a leanann sé air tríd an tsraith shóisearach. Luadh an dúshlán a shíltear a bheith ann de scrúdú comóna, go háirithe don scoláire le Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) nó an scoláire i ndiaidh CFL2anna, a bhfuil bua na hAmharc-ealaíne aige agus atá ag tabhairt faoin gcúrsa leibhéal 3 san ábhar dá bharr.

## Úsáid na mbunfhoinsí

Mar a shainmhínítear sna Treoirínte Measúnaithe d'Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí, "Foinsí fisiciúla nó coincheapúla atá i mbunfhoinsí, a mbreathnaítear orthu ina staid bhunaidh agus nach scagtar trí léirmhíniú duine eile orthu." (2019, lch.6).

D'aithin go leor freagróirí gur dhúshlán é úsáid na mbunfhoinsí do Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Luadh go raibh sé deacair i roinnt scoileanna, iallach a chur ar an scoláire bunfhoinsí oiriúnacha a aithint a bhaineann leis an téama a roghnaigh sé agus iad a úsáid sa rang. Mhol múinteoirí gur fágadh fúthu banc acmhainní a fhorbairt, a ghlac go leor ama, mar gheall gur athraigh na téamaí gach bliain. Moladh go bhféadfadh an t-ábhar a bheith i bhfad níos spéisiúla dá dtabharfaí foinsí tánaisteacha isteach arís agus go mbeadh an scoláire i bhfad níos cruthaithí dá bharr.

Luaigh roinnt múinteoirí gur féidir an scoláire a dhíspreagadh freisin má úsáidtear na bunfhoinsí céanna do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 agus don measúnú deiridh. É sin ráite, thug an Chigireacht RO faoi deara gur úsáideadh na bunfhoinsí ar dhea-bhealach mar phointí tosaigh in obair Mheasúnú Rangbhunaithe 2 an scoláire.

Cuireadh roinnt inní in iúl go raibh an bhéim ar na bunfhoinsí ag laghdú luach na bhfoinsí tánaisteacha, a bhíonn in úsáid ag formhór na n-ealaíontóirí comhaimseartha, mar shampla, i bhfoirm tagairtí grianghraif nó mar *aide-mémoire*. D'éiligh roinnt freagróirí cothromaíocht idir an fócas ar bhunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha an eolais amhairc. Luadh mar shampla cleachtais, cé go dtabharfadh na múinteoirí an rang ar cuairt chuig ceantair áitiúla chun sceitseáil a dhéanamh, tharla an chuid is mó den obair sa seomra ranga agus níorbh fhéidir na bunfhoinsí seo a thabhairt ar ais leo, seachas mar ghrianghraif. Mar fhocal dearfach, thug an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí a leanas faoi deara:

is rath eile é [i gcur i bhfeidhm na sonraíochta] úsáid na mbunfhoinsí chun tacaíocht a thabhairt do ghiniúint smaoinimh úrnua, ag ceadú don scoláire naisc phearsanta a chruthú leis an obair atá á cruthú aige" (Aighneacht scríofa).

## Na príomhscileanna a fhorbairt

Dhearbhaigh formhór na bhfreagróirí thar na modhanna rannpháirtíochta uile go gcabhraíonn an fhoghlaim san Amharc-ealaín na príomhscileanna a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach a fhorbairt.

*Téann an scoláire i ngleic le go leor de na príomhscileanna sa seomra ranga Amharc-ealaíne. Forbraítear muinín trí chumarsáid le múinteoirí agus piaraí. Foghlaimítear cén chaoi le ham a bhainistiú agus obair thionscadail, déantar na tionscadail a*

*phleanáil agus a fhorbairt ó thús go deireadh ag léiriú an iliomad scileanna i rith an ama. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Luaigh go leor daoine go ndeachthas i ngleic leis na bunscileanna agus forbraíodh iad tríd obair phraiticiúil an scoláire san ábhar agus gur chabhraigh siad leis an bhfoghlaim i réimsí eile, mar go raibh an Amharc-ealaín an-úsáideach do dheiseanna traschuraclaim. Luadh gur léirigh struchtúr thionscadal Amharc-ealaíne deiseanna cinnte chun go leor de na príomhscileanna a fhorbairt.

*Múintear don scoláire cuimhneamh ar bhealach níos struchtúrtha, pleanáil a dhéanamh ó choincheapa go tástáil go cur i gcrích, taighde a dhéanamh ar bhealach níos aibí agus machnamhach, breathnú ar an domhan mórthimpeall air don inspioráid, aitheantas a thabhairt d'ealaíontóirí eile, agus a smaointe a choincheapú. (Múinteoir, suirbhé ar líne)*

Leag an Chigireacht RO béim ar an bpríomhscil maidir le hEolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, a bhaineann le smaoinemh go cruthaitheach agus go criticiúil agus teicneolaíocht dhigiteach a úsáid, mar atá nasctha leis an ngá díriú ar fhorbairt scileanna agus smaointe ar bhealach comhtháite.

## Acmhainní i nGaeilge

Tá an mhian ann go mbeadh tuilleadh acmhainní ar fáil trí Ghaeilge, le roinnt múinteoirí ag lua go mbíonn níos mó ná ciall amháin ag focail Ghaeilge scaití, agus dá bharr sin bhí siad de shíor ag tagairt don tsonraíocht i mBéarla agus na téamaí do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don mheasúnú deiridh.

*Tá rochtain ar theanga agus acmhainní dúshlánach i nGaeilge. Is dúshlán iad na heochairfhocail i nGaeilge. D'fhéadfadh ciall dhifriúil a bheith ag na téamaí [sna Measúnuithe Rangbhunaithe] sa Ghaeilge ná mar atá sa Bhéarla. (Múinteoir, cuairt scoile)*

Dúradh go mbeadh fáilte roimh fhorbairt na bpobal cleachtas, chun deiseanna breise a chur ar fáil do mhúinteoirí an fhoghlaím agus an teagasc a phlé, agus bealaí ar leith chun ábha(i)r trí Ghaeilge a mhúineadh.

## Léargais luatha, moltaí agus na chéad chéimeanna eile

Ba mhaith le CNCM aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na scoláirí agus na páirtithe leasmhara eile a chuir leis an athbhreithniú seo. Thug a gcuid aiseolais an-léargas ar an gcaoi ar cuireadh sonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm agus an taithí a fuair daoine uathí.

Cuimhnítear sa chuid seo den tuairisc ar an aiseolas ón athbhreithniú chun croí-léargais agus moltaí a aithint. Dá bharr seo, is gá a leanas a aithint: is próiseas casta é an t-athrú curaclaim agus glacann sé am é a bhaint amach; agus ní raibh an taithí bheartaithe ag na múinteoirí ná ag aon chohórt scoláirí ar an gcuraclam agus ar na socrúcháin mheasúnaithe mar gheall gur chuir an phaindéim isteach air seo. Ina theannta sin, is gá an iarracht iontach a rinne na múinteoirí Amharc-ealaíne chun tacú le rannpháirtíocht an scoláire leis an gcuraclam nua le linn cúrsaí an-dúshlánacha a aithint.

Fiosraítear an t-aiseolas faoi dhá cheannteideal:

- Aiseolas a bhaineann go díreach le hAmharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí.
- Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).

### Aiseolas a bhaineann go díreach le hAmharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí curtha i gcrích

Agus machnaimh á dhéanamh ar an aiseolas a bailíodh le linn an athbhreithnithe, tá fianaise ann de léiriú rathúil na sonraíochta agus go bhfuil na cleachtais ranga agus eispéiris an scoláire ag forbairt i gcónaí. Thug anailís ar an aiseolas ón athbhreithniú an méid seo a leanas le tuiscint:

- bhí freagairt an-dearfach ag na scoláirí, na múinteoirí agus na páirtithe leasmhara níos leithne ar an mbéim níos mó ar an mbloc sceitseála Amharc-ealaíne
- tá múinteoirí ag tabhairt níos mó aiseolais fhoirmithigh don scoláire, ar féidir tacú leis agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air le FGL breise
- tá an scoláire ag baint taitneamh as na deiseanna taithí a fháil ar na meáin éagsúla, an tsaoirse a bhaineann le smaointe a fhiosrú agus a chuid oibre féin a chur in iúl
- tá múinteoirí, go háirithe nuair is iad an t-aon mhúinteoir Amharc-ealaíne sa scoil iad, an-dearfach faoin bpróiseas AFMÁ
- tacaíonn agus ullmhaíonn Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí an scoláire dul ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh ar Ealaín na hArdteistiméireachta.

Tá breac-chuntas tugtha ar an aiseolas sa tuairisc seo a dhéanfaidh eolas d'fhorbairt churaclaim Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí amach anseo, agus tá roinnt dúshlán agus moltaí praiticiúla, leagtha amach thíos, ar féidir a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma.

Dúshlán a aithníodh	Freagairt mholta
Tá easpa soiléireachta ar an méid ama ar cheart a chaitheamh ar na Measúnuithe Rangbhunaithe	Athbhreithnigh agus nuashonraigh na Treoirlínte Measúnaithe chun feabhas a chur ar an tsoiléireacht
Tá gá leis an teanga a úsáidtear sna Gnéithe Cáilíochta do na Measúnuithe Rangbhunaithe le Tuairisceoirí a ailíniú níos fearr	Athbhreithniú a dhéanamh ar an teanga a úsáidtear sna Gnéithe Cáilíochta uilig agus coigeartaithe a dhéanamh chun feabhas a chur ar an ailíniú leis na Tuairisceoirí
Tá roinnt éiginnteachta ann mar gheall ar chosúlachtaí na teanga idir na '5 Ghnéithe na hAmharc-ealaíne' agus na 'Gnéithe ealaíne'	Athbhreithnigh agus nuashonraigh na Treoirlínte Measúnaithe chun feabhas a chur ar an tsoiléireacht
Tá fianaise ann de mhíshástacht agus míthuiscint ar an gcaidreamh idir Measúnú Rangbhunaithe 2 agus an measúnú deiridh	Athbhreithnigh agus nuashonraigh na Treoirlínte Measúnaithe chun tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil maidir le cuspóir Mheasúnú Rangbhunaithe 2 i dtaca leis an measúnú deiridh de.
Tá gá le réimse níos leithne shamplaí oibre an scoláire thar na leibhéil éachta go léir, ach tá easpa soiléireachta ann maidir le cuspóir shamplaí oibre an scoláire	Bheith ag obair in éineacht le scoileanna agus páirtithe leasmhara chun réimse níos leithne shamplaí oibre an scoláire thar na leibhéil éachta uilig a fhorbairt, a dhearbhu ó thaobh cáilíochta de agus a fhoilsiú. Cuspóir na samplaí seo a shoiléiriú sna Treoirlínte Measúnaithe agus ar curriculumonline.ie.
Tá easpa soiléireachta ar ról na mbunfhoinsí, na bhfoinsí tánaisteacha agus go háirithe grianghrafadóireachta	Athbhreithniú a dhéanamh ar thagairtí do na bunfhoinsí sna Treoirlínte Measúnaithe agus ról na mbunfhoinsí, na bhfoinsí tánaisteacha agus na grianghrafadóireachta a shoiléiriú i measúnú Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí.

Tábla 4: Dúshlán a aithníodh le linn an athbhreithnithe agus na freagraí molta

### Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015).

Is fiú a lua go bhfuil léargas an athbhreithnithe seo a bhaineann le cur i bhfeidhm níos leithne FWJC15 ag déanamh athrá ar go leor de na léargas ó na hathbhreithnithe ar ábhair eile na sraithe sóisearaí. Lena chois sin, baineann na léargas seo le cuid de na téamaí a eascraíonn ón taighde fadama ar chur i bhfeidhm agus tionchar FWJC15. É sin ráite, cuireann siad dearcadh sainiúil d'ábhar ar leith ar fáil a chuireann tuilleadh eolais ar fáil ar chuid de na téamaí a thagann ón taighde.



Tuairiscítear na léargais leagtha amach thíos ar mhaithe le machnamh na bpáirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach.

### **Am gairmiúil agus pleanáil**

Tugadh am gairmiúil isteach do mhúinteoirí chun tacú le scoileanna agus iad ag cur an Creat don tSraith Shóisearach i bhfeidhm. Cuireann múinteoirí an-luach leis an am seo agus chun tacú le pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú. Chuirfeadh múinteoirí Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí fáilte roimh thuilleadh ama don phleanáil agus treoir ar an gcaoi gur cheart pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú.

### **Measúnú agus tuairisciú**

Chuir múinteoirí fáilte roimh an gcur chuige níos leithne don mheasúnú sa tSraith Shóisearach, ach mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin nach mbaineann aon dúshlán leis. Cuireadh roinnt imní in iúl chomh maith maidir le líon na Measúnuithe Rangbhunaithe chomh luath is a thagann an riachtanas ar ais dhá Mheasúnú Rangbhunaithe in aghaidh an ábhair a chur i gcrích.

Bhí an t-aistriú chuig scrúdú ag leibhéal comónta sách dúshlánach do mhúinteoirí. D'fhéadfadh go mbeadh sé cabhrach míniú ní ba shoiléire a chur ar fáil don réasúnaíocht don aistriú ó dhá leibhéal (ardleibhéal agus gnáthleibhéal) chuig leibhéal comónta.

Ceistíodh úsáid na teanga difriúla chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal éachta sna Measúnuithe Rangbhunaithe agus sa Mheasúnú Deiridh, agus ceistíodh an chúinge a braitheadh sa bhanda Gradaim agus leithead an bhanda Tuillteanais.

### **Cruinnithe AFMÁ**

Is féidir leis a bheith deacair tráthchlár na gcruinnithe AFMÁ a leagan amach, go háirithe do scoileanna le múinteoir ealaíne amháin, a mbainfeadh tairbhe as comhairle bhreise agus tacaíocht chun tráthchlár chruinníú AFMÁ a eagrú agus a leagan amach le múinteoirí ó scoil(eanna) eile.

### **Tacaíocht do Thuismitheoirí/Caomhnóirí**

Chuirfí fáilte roimh fheachtas faisnéise do thuismitheoirí chun tacú leo tuiscint a fháil ar na cuir chuige nua i leith an mheasúnaithe agus an córas grádaithe nua do MRBanna agus don scrúdú deiridh.

## **Na Chéad Chéimeanna Eile**

Bunaithe ar na léargais agus moltaí atá leagtha amach thuas, agus le srianta an athbhreithnithe ar léargais luatha seo ar eolas, moltar na chéad chéimeanna eile a leanas:

- Déanfar dul chun cinn ar na freagraí molta leagtha amach i dTábla 4 agus cuirfear ar fáil iad do scoileanna roimh Mheán Fómhair 2024.
- Rachaidh CNCM i gcomhairle leis an tseirbhís tacaíochta, Oide, chun na coigeartaithe a shoiléiriú sula bhfoilsítear na Treoirlínte Measúnaithe nuashonraithe.
- Roinnfear an t-aiseolas ón athbhreithniú leis na páirtithe leasmhara uilig a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm FWJC15.



## Tagairtí

---

[Creat don tSraith Shóisearach, 2015](#)

[Sonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí, 2016](#)

[Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte Measúnaithe, 2019](#)

[Plean Straitéiseach CNCM, 2022 – 2025](#)

[Straitéis Taighde CNCM, 2019–2021](#)



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment